**An Roinn Oideachais agus Scileanna**
Department of Education and Skills

**27 Iúil 2020**

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,

Ó ceapadh mar Aire Oideachais mé an 27 Meitheamh, tá sé mar phríomhthosaíocht agam athoscailt iomlán na scoileanna a áirithiú. Inniu, cheadaigh an Rialtas Treochlár le haghaidh Scoileanna a Athoscailt. Cheadaigh sé pacáiste cistiúcháin €376 mhilliún chun tacú leis an Treochlár freisin. Tá muinín agam go gcumasófar dár scoileanna oscailt go sábháilte mar thoradh ar na tacaí agus na hacmhainní breise a chuireamar ar fáil.

Cuireadh méid ollmhór oibre isteach chun treoir mhionsonraithe a ullmhú atá bunaithe ar an gcomhairle eatramhach sláinte poiblí do scoileanna, ar comhairle í a fuaireamar ag deireadh mhí an Mheithimh.

Forbraíodh an plean trí dhul i gcomhairle leo siúd a bhfuil an t-eolas is fearr acu ar an dóigh a n-oibríonn scoileanna: ionadaithe do dhaltaí, tuismitheoirí, príomhoidí, múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, baill foirne tacaíochta agus comhlachtaí bainistíochta scoile.

Rannchuidigh a gcuid saineolais go han-mhór leis an bplean a chur le chéile agus táim buíoch de gach duine lena mbaineann as a n-obair chrua le roinnt mhaith seachtainí anuas.

Tá a fhios agam go bhfuil cuid mhór oibre le déanamh ag pobail scoile chun ullmhú don fhilleadh ar an scoil. Chuireamar roinnt tacaí praiticiúla agus mórphacáiste airgeadais i bhfeidhm chun an obair sin a éascú. Áirítear leis sin cistiú le haghaidh aon athruithe fisiciúla atá riachtanach i scoileanna a dhéanamh; cistiú le haghaidh cúntóir a fhostú chun troscán a bhogadh, chun cabhrú le seomraí a atheagrú agus chun ullmhúcháin a dhéanamh sula n-athosclófar scoileanna; agus cistiú le haghaidh múinteoirí a ionadú.

Soláthróimid cistiú le haghaidh díghalrán láimhe agus trealamh cosanta pearsanta a cheannach freisin, nuair is cuí.

Ní ionann gach foirgneamh scoile. Ní ionann gach imthoisc scoile ach oiread. Mar sin, d'iarr mé ar gach scoil cumarsáid a dhéanamh go díreach le tuismitheoirí agus le daltaí maidir leis na hathruithe ar dóigh dóibh iad a fheiceáil tráth thús an téarma nua.

Roimh an bhfilleadh ar an scoil, soláthróidh an Roinn roinnt ábhar cumarsáide aoisoiriúnach do scoileanna chun cabhrú leat tacú le filleadh do linbh ar an scoil. Beidh na hábhair sin ar fáil freisin ar Gov.ie/backtoschool. Tá súil agam go mbeidh siad úsáideach duit.

Tá a fhios agam gur cuireadh isteach go mór ort agus ar leanaí de dheasca Covid-19. Rinne daltaí, tuismitheoirí, múinteoirí agus scoileanna sáriarracht leanúint leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. Is áit speisialta í an scoil, áfach, agus is sa seomra ranga in éineacht le leanaí eile a tharlaíonn roinnt de na heispéiris foghlama is fearr. Chaill gach duine na heispéiris sin.

Tá a fhios agam go mbeidh roinnt leanaí agus daoine óga neirbhíseach faoi fhilleadh ar an scoil, agus beimid go léir ag obair chun tacú leo socrú isteach agus bheith sábháilte agus sona agus iad ag tabhairt faoina n-obair scoile nuair a bheidh na scoileanna ar ais.
Tá súil agam go mbeidh samhradh deas agat agus ag do theaghlach agus go mbeidh deis agaibh am a chaitheamh le chéile.

**Norma Foley**
An tAire Oideachas
*Minister for Education*

**Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96**
Marlborough St, Dublin 1, D01 RC96
T +353 1 889 2335 | Minister@Education.gov.ie
www.department.gov.ie

D’oibríomar le chéile ar fud na paindéime go dtí seo. Déanfar athruithe, agus beidh gnáthaimh nua le foghlaim ag daltaí agus ag gach duine eile. Foghlaimeoimid na gnáthaimh sin le chéile, toisc go bhfuil ról againn go léir sa phobal scoile ar fad a choinneáil sábháilte.

Le gach dea-ghuí



___________________________________

Norma Foley TD
An tAire Oideachais